



An Bhruiséil, 22 Samhain 2023
(OR. en)

15421/23
ADD 1

SOC 770
EMPL 553
GENDER 202

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le haistriú córas cúraim ar feadh an tsaoil i dtreo samhlacha tacaíochta iomlánaíochta, duinelárnaithe agus pobalbhunaithe a bhfuil gné na hinscne ag baint leo - Ráiteas ó toscaireacht na hUngáire

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn ráiteas ó thoscaireacht na hUngáire maidir leis na dréachtchonclúidí thuasluaite.

RÁITEAS ÓN UNGÁIR

**MAIDIR LEIS NA CONCLUÍDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE HAISTRÍÚ CÓRAS
CÚRAIM AR FEADH AN TSAOIL I DTREO SAMHLACHA TACAÍOCHTA
IOMLÁNAÍOCHA, DUINELÁRNAITHE AGUS POBALBHUNAITHE A BHFUIL GNÉ NA
hINSCNE AG BAINTE LEO**

I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire agus leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Thairis sin, tá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe mar luach bunúsach i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, léirmhíonann an Ungáir an téarma ‘inscne’ mar thagairt do ‘gnéas’ *sna Conclúidí ón gComhairle maidir le haistriú córas cúraim a aistriú ar feadh an tsaoil i dtreo samhlacha tacaíochta iomlánaíocha, duinelárnacha agus pobalbhunaithe a bhfuil gné na hinscne ag gabháil leo.*

Thairis sin, dearbhaíonn an Ungáir gur cheart an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le ‘Straitéis an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Comhionannas Inscne 2020-2025’ a luaitear sna *Conclúidí ón gComhairle maidir le haistriú córas cúraim a aistriú ar feadh an tsaoil i dtreo samhlacha tacaíochta iomlánaíocha, duinelárnacha agus pobalbhunaithe a bhfuil gné na hinscne ag gabháil leo*, a léirmhíniú agus aird chuí á tabhairt ar na hinniúlachtaí náisiúnta agus ar na himthosca sonracha i ngach Ballstát.